



An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025  
(OR. en)

12509/25

LIMITE

CORLX 858  
CFSP/PESC 1279  
MOG 93

### **GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

**CINNEADH (CBES) 2025/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann  
le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don  
Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES<sup>1</sup> a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.
- (2) An 14 Iúil 2015, tháinig Cónaidhm na Rúise, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an tSín agus na Stáit Aontaithe, le tacaíocht ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), ar chomhaontú leis an Iaráin maidir le réiteach cuimsitheach fadtéarmach ar shaincheist núicléach na hIaráine. Le cur chun feidhme iomlán an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta (PCCG), bhí cineál iomlán síochánta chlár núicléach na hIaráine le háirithiú, agus bhí foráil le déanamh maidir le deireadh cuimsitheach a chur leis na smachtbhannaí uile a bhaineann le cúrsaí núicléacha.
- (3) An 20 Iúil 2015, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2231 (2015) lena bhformhuinítear PCCG, lena moltar go gcuirfí chun feidhme ina iomláine é i gcomhréir leis an amchlár a bunaíodh le PCCG agus lena bhforáiltear go ndéanfar gníomhaíochtaí i gcomhréir le PCCG.
- (4) An 20 Iúil 2015, ba dhíol sásaimh don Chomhairle PCCG agus d'fhormhuinigh sí é, agus gheall sí go gcloífidh sí lena théarmaí agus go leanfaidh sí an plean cur chun feidhme a comhaontaíodh. Thacaigh an Chomhairle go hiomlán freisin le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

---

<sup>1</sup> Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj>).

- (5) An 18 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Dearbhú 2015/C 345/01<sup>2</sup> inar tugadh ar aird go bhfuil an gealltanais deireadh a chur le smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha i gcomhréir le PCCG gan dochar don sásra um réiteach díospóidí a leagtar amach in PCCG agus gan dochar do smachtbhannaí an Aontais a thabhairt isteach in athuair i gcás nach gcomhlíonann an Iaráin a cuid gealltanais faoi PCCG ar bhealach suntasach. Thairis sin, smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha a cuireadh ar fionraí nó a foirceannadh, i gcás nach gcomhlíonann an Iaráin a cuid gealltanais faoi PCCG ar bhealach suntasach, gheall an Chomhairle iad a thabhairt isteach in athuair gan mhoill ar mholadh comhpháirteach don Chomhairle ón Ardionadaí, ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón Ríocht Aontaithe.
- (6) An 14 Eanáir 2020, fuair an tArdionadaí, mar Chomhordaitheoir Choimisiún Comhpháirteach PCCG ('an Comhordaitheoir'), litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe ina ndearnadh ábhar a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na hIaráine faoi PCCG a tharchur chuig an gCoimisiún Comhpháirteach le go réiteofaí é tríd an Sásra um Réiteach Díospóidí, mar a leagtar amach i mír 36 de PCCG. An lá céanna, d'eisigh an Comhordaitheoir ráiteas inar cuireadh in iúl go ndéanfadh sé formhaoirseacht ar an bpróiseas Sásra um Réiteach Díospóidí ('an próiseas').

---

<sup>2</sup> Dearbhú ón gComhairle 2015/C 345/01 an 18 Deireadh Fómhair 2015 (IO C 345, 18.10.2015, lch. 1).

- (7) An 24 Eanáir 2020, d'eisigh an Comhordaitheoir ráiteas, de bhun an phróisis, inar cuireadh in iúl go ndearna sé comhairliúchán forleathan dhéthaobhach agus chomhchoiteann Agus gur athdhearbhaigh rannpháirtithe PCCG uile go raibh rún daingean acu PCCG a chaomhnú, rud a bhí chun leas na rannpháirtithe uile. Chuir an Comhordaitheoir in iúl, in ainneoin difríochtaí maidir le módúlachtaí, gur aontaíodh go raibh gá le níos mó ama mar gheall ar chastacht na saincheisteanna lena mbaineann. Cuireadh síneadh leis an amlíne don phróiseas dá bhrí sin. Chomhaontaigh na páirtithe uile lena mbaineann tabhairt faoi phlé ar leibhéal na saineolaithe lena dtabharfaí aghaidh ar na hábhair inmí maidir le cur chun feidhme núicléach, chomh maith le tionchair níos leithne tharraingt siar na Stát Aontaithe ó PCCG agus na smachtbhannaí i gcoinne na hIaráine a d'fhorchuir na Stáit Aontaithe an athuair, ar chuir rannpháirtithe uile PCCG in iúl gur cúis aiféala dóibh iad.
- (8) An 21 Nollaig 2020, i Ráiteas Comhpháirteach Aireachta maidir le PCCG, chuir rannpháirtithe PCCG i dtábhacht an athuair go bhfuil siad tiomanta an comhaontú a chaomhnú agus leag siad béim ar a n-iarrachtaí faoi seach i ndáil leis sin. Leis an ráiteas, cuireadh in iúl gur phléigh na hAírí a rithábhachtaí atá sé i gcónaí go gcuirfeadh na rannpháirtithe uile PCCG chun feidhme ina iomláine agus go héifeachtach, chomh maith leis an ngá le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán leanúnacha cur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le neamhleathadh núicléach agus gealltanais maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí. Chomhaontaigh na hAírí leanúint den idirphlé chun a áirithiú go gcuirfeadh na rannpháirtithe uile PCCG cur chun feidhme ina iomláine. D'aithin na hAírí an fhéidearthacht go mbeidh na Stáit Aontaithe páirteach in PCCG arís agus chuir siad i bhfois go bhfuil siad réidh aghaidh a thabhairt air sin ar bhealach dearfach in iarracht chomhpháirteach.
- (9) Ó mhí Aibreáin 2021 go dtí mí Lúnasa 2022, bhí an Comhordaitheoir i gceannas ar chainteanna taidhleoireachta chun caibidlíocht a dhéanamh maidir leis na Stát Aontaithe a bheith páirteach in PCCG arís agus chun a áirithiú go mbeidh PCCG á chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach ag an Iaráin. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, lena n-áirítear roinnt cruinnithe den Choimisiún Comhpháirteach le linn na tréimhse sin, níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú.

- (10) An 14 Meán Fómhair 2023, fuair an Comhordaitheoir litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme PCCG. Dúirt na hAirí Gnóthaí Eachtracha nach raibh PCCG á chomhlíonadh ag an Iaráin ó 2019 i leith, agus mheas siad nár réitíodh é sin tríd an próiseas. Chuir siad in iúl nach raibh sé ar intinn acu bearta a dhéanamh maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí breise an 18 Deireadh Fómhair 2023, Lá Idirthréimhse PCCG. An lá céanna, d’eisigh an Comhordaitheoir ráiteas inar cuireadh in iúl gur scaip sé an litir aireachta ar rannpháirtithe eile PCCG, agus go rachadh sé i gcomhairle le rannpháirtithe uile PCCG maidir leis an mbealach ar aghaidh.
- (11) An 6 Deireadh Fómhair 2023, d’eisigh an Comhordaitheoir ráiteas inar cuireadh in iúl go raibh an t-ábhar a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na hIaráine faoi PCCG fós gan réiteach tar éis an chomhairliúcháin le rannpháirtithe PCCG, mar gheall ar na tuairimí éagsúla a tugadh.
- (12) An 16 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2195<sup>3</sup> lenar leasaíodh Cinneadh 2010/413/CBES. Mheas an Chomhairle go raibh foras bailí ag an Aontas chun na bearta sriantacha i gcoinne daoine agus eintitis áirithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh/2010/413/CBES ón gComhairle agus Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle<sup>4</sup> a choimeád ar bun tar éis Lá Idirthréimhse PCCG. Dá bhrí sin, aistríodh ainmneacha na ndaoine agus na n-eintiteas sin ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CEBS ón gComhairle go dtí Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin agus ó Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle go dtí Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.

---

<sup>3</sup> Cinneadh (CBES) 2023/2195 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L, 17.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2195/oj>).

<sup>4</sup> Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj>).

- (13) Mheas an Chomhairle freisin go raibh forais bhailí ag an Aontas chun na bearta sriantacha maidir le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais, a bhaineann le hearnáil an iompair, a bhaineann le gníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh an leatha de agus seirbhísí gaolmhara, agus iad siúd maidir le miotail agus seirbhísí gaolmhara, maidir le bogearraí agus seirbhísí gaolmhara, agus maidir le hairm agus seirbhísí gaolmhara a choimeád ar bun tar éis Lá Idirthréimhse PCCG.
- (14) Mheas an Chomhairle freisin go raibh forais bhailí ag an Aontas gan na bearta sriantacha a cuireadh ar fionraí ar Lá Cur Chun Feidhme PCCG le Cinneadh (CBES) 2015/1863 ón gComhairle<sup>5</sup> a fhoirceannadh tar éis Lá Idirthréimhse PCCG.
- (15) An 28 Lúnasa 2025, fuair an Comhordaitheoir agus Uachtarán Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme PCCG. Tríd an litir seo, chuir na hAirí Gnóthaí Eachtracha in iúl do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go gcreideann siad, ar bhonn fianaise fhíorasach, gur ann do neamhchomhlíonadh suntasach na hIaráine maidir lena gealltanais faoi PCCG, rud a chuireann tús leis an nós imeachta chun smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe ar cuireadh deireadh leo faoi Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a athbhunú, i gcomhréir le mír 11 de Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- (16) An 29 Lúnasa 2025, i gcomhréir le Dearbhú 2015/C 345/01 ón gComhairle, sheol an tArdionadaí, an Fhrainc agus an Ghearmáin moladh comhpháirteach chuig an gComhairle inar moladh smachtbhannaí uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha a cuireadh ar fionraí nó a fhoirceannadh, nó an dá rud, a thabhairt isteach gan moill, tráth a bheidh smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe athbhunaithe, i gcomhréir le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

---

<sup>5</sup> Cinneadh (CBES) 2015/1863 ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L 274, 18.10.2015, lch. 174, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1863/oj>).

- (17) Faoin [...] 2025, níor raibh rún nua glactha ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun leanúint le deireadh a chur le smachtbhannaí laistigh de 30 lá ón bhfógra a fháil an 18 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, i gcomhréir le bhforálacha mhír 37 de PCCG, tá forálacha Rúin 1696 (2006), 1737 (2006), 1747 (2007), 1803 (2008), 1835 (2008) agus 1929 (2010) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le forchur an athuair.
- (18) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

- (1) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, fo-cheannteideal ‘A. Daoine’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

18. Mohammad AHMADIAN

21. Massoud AKHAVAN-FARD

44. Majid NAMJOO

45. Babak ZANJANI;

- (2) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, fo-cheannteideal ‘A. Daoine’, cuirtear an méid a leanas in ionad na n-iontrálacha maidir leis na daoine a liostaítear thíos:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
1.	Reza AGHAZADEH	Dáta breithe: 14.3.1949 Áit bhreithe: Khoy, Poblacht Ioslamach na hIaráine Inscne: fireann	Is náisiúnach de chuid na hIaráine é Reza Aghazadeh, comhalta den Expediency Discernment Council. Bhí sé ina Cheann ar an Atomic Energy Organization idir 1997 agus 2009. Mar thoradh ar a chuid post, tá sé ar thús cadhnaíochta i bhforbairt chlár núicléach na hIaráine. Téann a chomhghleacaithe AEOI i gcomhairle leis fós maidir le saincheisteanna núicléacha. Dá bhrí sin, tá Reza Aghazadeh freagrach as páirt dhíreach a ghlacadh i gelár núicléach agus i ngéarú núicléach na hIaráine.	+ (23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
3.	Dr Hoseyn (Hossein) FAQIHIAN	Dáta breithe: 22.5.1952 Áit bhreithe: Esfahan, an Iaráin Inscne: fireann	Rannchuidigh an Dr. Hoseyn Faqihian le clár núicléach na hIaráine mar Ard-Stiúrthóir an Nuclear Fuel Production Company agus mar Leas-Stiúrthóir AEOI.	+ (23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
6.	Said Esmail KHALILIPOUR (ar a dtugtar freisin: LANGROUDI)	Dáta breithe: 24.11.1945 Áit bhreithe: Langroud Inscne: fireann	Is é Said Esmail Khalilipour iarLeas-Cheann AEOI. Déanann AEOI maoirseacht ar chlár núicléach na hIaráine agus tá sé ainmnithe faoi Rún 1737 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, tá baint ag Said Esmail Khalilipour le gníomhaíochtaí leata núicléach na hIaráine.	+ (23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
7.	Ali Reza KHANCHI	Seoladh NRC: AEOI-NRC P.O.Box: 11365-8486, Tehran, an Iaráin; Facs: (+9821) 8021412  Inscne: fireann	Bhí Ali Reza Khanchi ina cheann ar Tehran Nuclear Research Centre (TNRC) de chuid AEOI agus is eolaí é a bhfuil taighde á dhéanamh aige do TNRC. Tá baint ag TNRC le turgnaimh ar dheighilt plútóiniam. Leanann sé de bheith ag comhoibriú le Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI) mar eolaí. Dá bhrí sin, tá Khanchi ag gabháil do ghníomhaíochtaí leata núicléach na hIaráine agus tá tacaíocht á tabhairt aige dóibh.	+  (23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
15.	Ali Akbar SALEHI		IarAire Ghnóthaí Eachtracha. IarCheann Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI). Leanann sé de bheith ag feidhmiú ag crosbhealach na n-acadóirí agus na polaitíochta agus i láithrithé poiblí le déanaí rinne sé tionscal núicléach na hIaráine a chosaint agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tugann sé tacaíocht do Rialtas na hIaráine agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.	+  (17.11.2009, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
19.	Innealtóir Naser RASTKHAH	Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	IarLeas-Cheann AEOI. Déanann AEOI maoirseacht ar chlár núicléach na hIaráine agus tá sé ainmnithe faoi Rún 1737 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá Rastkhah mar chuid de bhord stiúrthóirí den Iranian Radiation Protection Society, institiúid stáit atá cleamhnaithe le AEOI, a dhéanann maoirseacht ar chlár núicléach na hIaráine. Tá Rastkhah ag gabháil do agus tá tacaíocht á tabhairt aige do chlár núicléach na hIaráine.	+ (23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
20.	Behzad SOLTANI	Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	IarLeas-Cheann AEOI. Tá baint ag Soltani le gníomhaíochtaí taighde faoi láthair atá ábhartha don tionscal núicléach agus cleamhnaithe le heintitis rialtais amhail Iranian Chemical Society (ICS). Dá bhrí sin, tugann Behzad Soltani tacaíocht do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.	+ (23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
38.	Mohammad Reza REZVANIANZADEH	Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Mohammad Reza Rezvanianzadeh cleamhnaithe le Atomic Energy Organization of Iran agus le heintiteas rialtais Geology and Mineral Exploration Organization of Iran. Dá bhrí sin, tá baint aige le heintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (1.12.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)';

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

(3) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, fo-cheannteideal ‘B. Eintitis’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

5. (k) Mehr Cayman Ltd.

5. (l) Melli Agrochemical Company PJS

5. (n) Melli Investment Holding International

44. Onerbank ZAO

50. Noor Afza Gostar

63. Pearl Energy Company Ltd

64. Pearl Energy Services, SA

144. National Iranian Oil Company Nederland

167. Iranian Oil Company (U.K.) Limited (IOC)

- (4) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, fo-cheannteideal ‘B. Eintitis’, cuirtear an méid a leanas in ionad na n-eintiteas a liostaítear thíos:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
‘3.	Azarab Industries	Seoladh: Ceannoifig: No.15, MollaSadra Ave., Vanak sq., Tehran (Postal Code: 1991913981), an Iaráin; Monarcha: Sanaat Sq., Arak-Iran, Postal Code: 3818997873	Tá baint ag Azarab Industries le réimse an táirgthe fuinnimh núicléach agus tá dlúthnaisc aige le Atomic Energy Organization of Iran (AEOI). Ina theannta sin, tá Azarab Industries nasctha le Khatam-al Anbiya, cuideachta innealtóireachta faoi rialú IRGC.  Dá bhrí sin, tá Azarab Industries ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus tá tacaíocht á tabhairt acu dóibh	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
4.	Bank Mellat	Seoladh: Head Office Building, 327 Takeghani (Taleghani) Avenue, Tehran 15817, an Iaráin; P.O. Box 11365-5964, Tehran 15817, an Iaráin	Cuireann Bank Mellat tacaíocht airgeadais ar fáil do Rialtas na hIaráine, go háirithe trí bhíthin iasachtaí atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí rialtais neamhbhrabúsacha. Is é Rialtas na hIaráine an scairshealbhóir is mó de Bank Mellat freisin. Dá bhrí sin, tugann Bank Mellat tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5.	Bank Melli, Bank Melli Iran (lena n-áirítear gach brainse) agus fochuideachtaí	Ferdowsi Avenue, PO Box 11365-171, Tehran, an Iaráin Uimhir chlárúcháin: 60FC005874HRB10813	Is é Bank Melli an banc is mó san Iaráin agus tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus soláthraíonn sé seirbhísí don Aireacht Cosanta (MODAFL). Dá bhrí sin, tá Bank Melli faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus tugann sé tacaíocht dó.	+ (23.6.2008, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (a)	Arian Bank (ar a dtugtar freisin Aryan Bank)	Seoladh: House 2, Street Number 13, Wazir Akbar Khan, Kabul, an Afganastáin	Is comhfhiontar de chuid na hAfganastáine é Arian Bank idir Bank Melli agus Bank Saderat. Is é Bank Melli an banc is mó san Iaráin, atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus a sholáthraíonn seirbhísí don Aireacht Cosanta (MODAFL).  Tá Bank Saderat ar cheann de na bainc is mó san Iaráin, agus tá Rialtas na hIaráine ar cheann dá scairsealbhóirí móra. Cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil d'eintitis a bhfuil dlúthbhaint acu le IRGC agus le hionadaithe de chuid Rialtas na hIaráine.  Dá bhrí sin, is eintiteas é Arian Bank atá faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (b)	Assa Corporation	Seoladh: ASSA CORP, 650 (or 500) Fifth Avenue, New York, Stáit Aontaithe Mheiriceá Uimhir Aitheantais Cánach 1368932 (na Stáit Aontaithe)	Is eintiteas é Assa Corporation atá faoi úinéireacht Assa Company Ltd, ar cuideachta chaoch é do Bank Melli atá á rialú ag Rialtas na hIaráine agus a thugann tacaíocht dó. Dá bhrí sin, tá Assa Corporation faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (c)	Assa Company Ltd	6 Britannia Place, Bath Street, St Helier JE2 4SU, Oileáin Gheirsí Mhuir nIocht	Is cuideachta chaoch é Assa Company Ltd do Bank Melli atá faoi rialú an stáit san Iaráin, atá á rialú ag Rialtas na hIaráine agus a thugann tacaíocht dó. Dá bhrí sin, tá Assa Company Ltd faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (d)	Bank Kargoshaie (ar a dtugtar freisin Bank Kargoshaee, ar a dtugtar freisin Banc Kargosai, ar a dtugtar freisin Banc Kargosa'i)	Seoladh: 587 Mohammadiye Square, Mowlavi St., Tehran 11986, an Iaráin	Is fochuideachta de Bank Melli é Bank Kargoshaie. Cuireann Bank Kargoshaie seirbhísí airgeadais ar fáil do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí araon. Dá réir sin, is é Bank Melli an banc is mó san Iaráin atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus a sholáthraíonn seirbhísí don Aireacht Cosanta (MODAFL).  Dá bhrí sin, tá Bank Kargoshaie faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (e)	Bank Melli Iran Investment Company (BMIIC)	Seoladh: No.2, Nader Alley, Vali-Asr Str., Tehran, an Iaráin, P.O. Box 3898-15875  Seoladh: Bldg 2, Nader Alley after Beheshi Forked Road, P.O. Box 15875-3898, Tehran, an Iaráin 15116  Seoladh: Rafiee Alley, Nader Alley, 2 After Serahi Shahid Beheshti, Vali E Asr Avenue, Tehran, an Iaráin  Uimhir Chlárúcháin: 89584	Is banc infheistíochta Iaránach é Bank Melli Iran Investment Company. Tá Bank Melli Iran Investment Company faoi úinéireacht agus faoi rialú Bank Melli, an banc is mó san Iaráin, atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine, agus a thugann tacaíocht dó. Dá bhrí sin, tá Bank Melli Iran Investment Company faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thacaíonn le Rialtas na hIaráine.	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (f)	Bank Melli Iran ZAO ar a dtugtar freisin Mir Business Bank	Seoladh: Uimhir 9/1, Ulitsa Mashkova, Moscow, 130064, Seoladh na Rúise: Mashkova st. 9/1 Moscow 105062 an Rúis Facs: +7 (495) 9286286, (007495) 6286286 Ríomhphost: mbbmos@mbbru.com Mellimos@BMIRU.com Mellimos@Rex400.ru Suíomh gréasáin an eintitis: www.mbbbru.com www.bmiru.com	Is banc Iaránach é Bank Melli Iran ZAO atá lonnaithe sa Rúis. Tá Bank Melli Iran ZAO faoi úinéireacht agus faoi rialú Bank Melli, an banc is mó san Iaráin, atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus a thugann tacaíocht dó. Dá bhrí sin, tá Bank Melli Iran ZAO faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (23.6.2008 curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (g)	Bank Melli Printing and Publishing Company ar a dtugtar freisin BMPPC	Seoladh: 18th Km Karaj Special Road, 1398185611 Tehran, an Iaráin, P.O. Box 37515-183 Seoladh: Km 16 Karaj Special Road, Tehran, an Iaráin Seoladh: P.O. Box 37515-183, Tehran, an Iaráin Uimhir Chlárúcháin: 382231	Is cuideachta priontála agus foilsitheoireachta Iaránach é Bank Melli Printing and Publishing Company. Tá Bank Melli Printing agus Publishing Company faoi úinéireacht agus faoi rialú Bank Melli, a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá Bank Melli Printing and Publishing Company faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (h)	Cement Investment and Development Company ar a dtugtar freisin CIDCO ar a dtugtar freisin: Cement Industry Investment and Development Company ar a dtugtar freisin CIDCO Cement Holding	Seoladh: No 20, West Nahid Blvd. Vali Asr Ave., Tehran, an Iaráin, 1967757451 Seoladh: No. 241, Mirdamad Street, Tehran, an Iaráin	Is cuideachta Iaránach é an Cement Investment and Development Company atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Bank Melli Iran Investment Company (BMIIC). Tá BMIIC faoi úinéireacht agus faoi rialú Bank Melli, atá, dá réir sin, faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus tugann sé tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá Cement Investment and Development Company faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ 26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (i)	First Persian Equity Fund	<p>Seoladh: Walker House, 87 Mary Street, George Town, Grand Cayman, KY1-9002, Oileáin Cayman</p> <p>Seoladh: Clifton House, 7z5 Fort Street, P.O. Box 190, Grand Cayman, KY1-1104; Oileáin Cayman</p> <p>Seoladh: Rafi Alley, Vali Asr Avenue, Nader Alley, Tehran, 15116, an Iaráin, P.O.Box 15875-3898</p>	Is ciste infheistíochta é First Persian Equity Fund a sheol Bank Melli in 2007. Is é Bank Melli an banc is mó san Iaráin agus tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá First Persian Equity Fund faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (j)	Mazandaran Cement Company	<p>Seoladh: 51 Africa Street, Shaheed Sattari Avenue, between Zafar &amp; Mirdamad, 1968856911 Tehran, an Iaráin</p> <p>Uimhir chlárúcháin: IR40014GN</p> <p>Dáta clárúcháin: 1975</p>	Is cuideachta Iaránach é Mazandaran Cement Company atá faoi rialú Bank Melli agus Rialtas na hIaráine. Feidhmíonn sé mar mheán do leasanna Bank Melli sa tionscal stroighne. Dá bhrí sin, tá Mazandaran Cement Company faoi rialú Rialtas na hIaráine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Thairis sin, tugann sí tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
5. (m)	Melli Bank plc	Seoladh: 98A Kensington High Street, W8 4SG Londain, an Ríocht Aontaithe Uimhir chlárúcháin: GB04152338	Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Bank Melli Iran é Melli Bank PLC, atá faoi úinéireacht Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá Melli Bank PLC faoi úinéireacht eintiteas a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (23.6.2008, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
5. (o)	Shemal Cement Company ar a dtugtar freisin: Siman Shomal ar a dtugtar freisin Shomal Cement Company	Seoladh: No 269 Dr Beheshti Ave. P.O. Box 15875-4571, Tehran – 15146, an Iaráin Seoladh: Dr Beheshti Ave No. 289, Tehran, 151446, an Iaráin Seoladh: 289 Shahid Baheshti Ave., P.O. Box 15146, Tehran, an Iaráin	Is cuideachta stroighne é Shemal Cement Company atá faoi rialú Bank Melli Iran, atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus a thugann tacaíocht dó. Is é an príomh scairshealbhóir atá ag Shemal Cement Company ná Cement Industries Investment and Development Company, atá faoi úinéireacht throlach National Development Group Investment, arb é Bank Melli Iran a phríomh-scairshealbhóir. Dá bhrí sin, tá Shemal Cement Company faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
7.	Bank Saderat	Seoladh: Bank Saderat Tower, 43 Somayeh Ave, Tehran, an Iaráin	<p>Tá Bank Saderat ar cheann de na bainc is mó san Iaráin. Tá Rialtas na hIaráine ar cheann dá mhórscairshealbhóirí.</p> <p>Cuireann Bank Saderat tacaíocht airgeadais ar fáil trí iasachtaí d'eintitis atá gar do IRGC. Ceadaítear leis freisin cistiú a chur ar fáil d'ionadaithe Rialtas na hIaráine sa réigiún, atá freagrach as gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Bank Saderat ag tacú le Rialtas na hIaráine agus ag tacú le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.</p>	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
8.	Sina Bank	187 Mothari Avenue, Tehran, an Iaráin Uimhir chlárúcháin: IRFEB54525	<p>Tá Sina Bank faoi rialú Islamic Revolution Mostazafan Foundation, móreintiteas parastatach de chuid na hIaráine atá faoi rialú an Cheannaire Uachtaraigh Khamenei, agus tá scairsheilbh rialaithe ag Islamic Revolution Mostazafan Foundation in Sina Bank. Soláthraíonn Sina Bank seirbhísí airgeadais do Mostazafan Foundation agus dá ghrúpa fo-aonad agus cuideachtaí. Dá réir sin, cuireann Sina Bank tacaíocht airgeadais ar fáil do Rialtas na hIaráine trí Mostazafan Foundation.</p>	+ (8.11.2014, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
11. (a)	EDBI Exchange Company ar a dtugtar freisin Export Development Exchange Broker Co.	Seoladh: No 20, 13th St., Vozara Ave., Tehran, an Iaráin 1513753411, P.O. Box: 15875-6353 Seoladh: Tose'e Tower, corner of 15th St., Ahmad Qasir Ave.; Argentine Square, Tehran, an Iaráin	Is fochuideachta de Export Development Bank of Iran (EDBI) é EDBI Exchange Company. Soláthraíonn sé seirbhísí malairte eachtraí dá chustaiméirí. Is eintiteas faoi úinéireacht stáit é EDBI, a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá EDBI Exchange Company faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
11. (b)	EDBI Stock Brokerage Company	Seoladh: Tose'e Tower, corner of 15th St., Ahmad Qasir Ave.; Argentine Square, Tehran, an Iaráin	Is fochuideachta de Export Development Bank of Iran (EDBI) é EDBI Stock Brokerage Company. Soláthraíonn sé seirbhísí stocbhróicéireachta dá chustaiméirí. Is eintiteas faoi úinéireacht stáit é EDBI, a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá EDBI Stock Brokerage Company faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
11. (c)	Banco Internacional De Desarrollo CA	Seoladh: Urb. El Rosal, Avenida Francesco de Miranda, Edificio Dozsa, Piso 8, Caracas C.P. 1060, Veiniséala Áit chlárúcháin: Caracas, Veiniséala Dáta clárúcháin: 2007 nó 2008 Uimhir chlárúcháin: J294640109	Is eintiteas Veiniséalach é Banco Internacional de Desarrollo (BID) atá faoi úinéireacht Export Development Bank of Iran (EDBI), eintiteas Iaránach arb é is cuspóir dó tacaíocht a thabhairt do rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, tá BID faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
14.	Future Bank BSC	Seoladh: Block 304. City Centre Building. Building 199, Government Avenue, Road 383, Manama, Bairéin. PO Box 785 Uimhir um Chlárú Gnólachtaí: 54514-1 (Bairéin.) dáta éagtha 9.6.2009; Ceadúnas Trádála Uimh. 13388 (Bairéin)	Is banc Iaránach é Future Bank BSC atá lonnaithe i mBairéin. Cruthaíodh Future Bank BSC mar chomhfhiontar idir Bank Saderat agus Bank Melli, dhá cheann de na bainc is mó san Iaráin, ar bainc iad atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus tacaíonn sé leis. Dá bhrí sin, tá Future Bank BSC faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010 curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
15.	Industrial Development & Renovation Organization ar a dtugtar freisin IDRO	<p>Seoladh: 78/1 Atefi Street and Africa Avenue, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh: P.O. Box 55958, Arbift Tower 1508, Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha</p> <p>Seoladh: P.O. Box 16820, Jebel Ali, Dubai, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha</p> <p>Seoladh: Vali e Asr Building, Vali Asr St, Jam e Jam Ave, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh: P.O. Box 19395-1855, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh: No.2 Vali-Asr Building, Vali-Asr Street, Jam-e-Jam Ave, Tehran, an Iaráin</p> <p>Dáta clárúcháin: 1967</p>	<p>Is comhlacht rialtais an Industrial Development and Renovation Organisation atá freagrach as dlús a chur le tionsclaíocht na hIaráine. Tá baint aige leis na cláir núicléacha agus diúracán agus tugann sé tacaíocht d'earnáil thionsclaíoch na hIaráine. Dá bhrí sin, tá an Industrial Development and Renovation Organisation faoi úinéireacht nó faoi rialú Rialtas na hIaráine agus tacaíonn sé leis.</p>	<p>+</p> <p>(26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)</p>

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
24.	Kala Naft	Kala Naft Tehran Trading Building, Sepahbod Gharani Street, Karim Khan Zand Avenue, 15988 Tehran, an Iaráin  Uimhir chlárúcháin: IR0000047040	Is Cuideachta Monaraíochta, Tacaíochta agus Soláthair é Kala Naft agus is fochuideachta é de chuid National Iranian Oil Company (NIOC). Is eintiteas faoi úinéireacht an Stáit agus atá á oibriú aige é NIOC a chuireann acmhainní suntasacha airgeadais ar fáil do Rialtas na hIaráine. Is ag NIOC atá an mhonaplacht táirgthe, díola agus onmhairiúcháin le haghaidh ola na hIaráine. Tá ról suntasach ag an ioncam a ghintear le díolacháin ola NIOC maidir le harm na hIaráine agus IRGC a chistiú.  Dá bhrí sin, tá Kala Naft faoi úinéireacht agus faoi rialú eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
25.	Machine Sazi Arak	P.O. Box: 148, KM 4, Tehran Alley, 3818997888 Arak, an Iaráin Uimhir chlárúcháin: IR30177GN Dáta clárúcháin: 1967	Is cuideachta monaraíochta innealra agus trealamh thionsclaíoch de chuid na hIaráine é Machine Sazi Arak. Monaraíonn sé trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí atá íogaire ó thaobh an leatha de agus tá an Atomic Energy Organization of Iran (AEOI) chomh maith le MODAFL ar a liosta custaiméirí. Tá sé cleamhnaithe freisin le IDRO a sholáthraíonn tacaíocht mhonaraíochta don chlár núicléach. Bhí baint ag Machine Sazi Arak freisin le tógáil imoibreoir tromuisce Arak. Tacaíonn sé freisin le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta ola agus gáis a ndéanann an Ministry of Petroleum (an Aireacht Peitriam) chomh maith le NIOC agus a fhochuideachtaí maoirseacht orthu. Dá bhrí sin, tá baint ag Machine Sazi Arak le clár na ndiúracán núicléach, agus tugann sé tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
27.	Power Plants' Equipment Manufacturing Company ar a dtugtar freisin Saakhte Tajhizate Niroogahi	Seoladh: No. 10, Jahanara Alley, after Hemmat Bridge, Abbaspour St. (ar a dtugtaí Tavanir roimhe seo), Tehran, Post Code 1435733161, an Iaráin	Tá an Power Plants' Equipment Manufacturing Company (SATNA) faoi réir AEOI agus Novin Energy (iad araon ainmnithe faoi Rún 1737 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe). Tá baint aige le forbairt imoibreoírí núicléacha.  Dá bhrí sin, tugann Power Plants' Equipment Manufacturing Company tacaíocht do ghníomhaíochtaí leata núicléach na hIaráine.	+  (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
30.	Nuclear Power Production and Procurement Company (NPPD)	No. 8, TANDIS St., Africa Ave., Tehran (ceanncheathrú), an Iaráin	Is fochuideachta de AEOI é Nuclear Power Production & Development Company (NPPD) agus tá baint aige le forbairt gléasraí cumhachta núicléiche. Dá bhrí sin, tá NPPD ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.	+  (23.4.2007, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
36.	Iranian Nuclear Science and Technology Research Institute ar a dtugtar freisin Research Institute of Nuclear Science and Technology ar a dtugtar freisin Nuclear Science and Technology Research Institute	AEOI, PO Box 14395-836, Tehran, an Iaráin	Tá an Iranian Nuclear Science and Technology Research Institute cleamhnaithe ar leibhéal oifigiúil le Atomic Energy Organization of Iran (AEOI), a dhéanann maoirseacht ar chlár núicléach na hIaráine. Dá bhrí sin, tá baint ag an Iranian Nuclear Science and Technology Research Institute le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, agus tugann sé tacaíocht dóibh.	+ (26.7.2010, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
43.	Europäisch-Iranische Handelsbank (EIH)	Seoladh: Ceannoifig: Depenau 2, D-20095 Hamburg; Kish branch, Sanaee Avenue, PO Box 79415/148, Kish Island 79415  Seoladh: Tehran branch, No. 1655/1, Valiasr Avenue, PO Box 19656 43 511, Tehran, an Iaráin	Tá Europäisch-Iranische Handelsbank (EIH) faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas na hIaráine agus Bank of Industry and Mines.  Dá bhrí sin, is eintiteas é EIH atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Rialtas na hIaráine.	+  (23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)
46.	EMKA Company	Seoladh: P.O. Box 14155-1339, Tehran, an Iaráin	Tá Emka Company gníomhach i dtionscal núicléach na hIaráine. Is fochuideachta de TAMAS Company é Emka Company, ar cuideachta speisialaithe é chun amhábhair agus breosla núicléach a tháirgeadh san Iaráin. Tá Emka Company freagrach go sonrach as oibríochtaí taiscéalaíochta, mianadóireachta agus próiseála mianraí laistigh de thimthriall an bhreosla núicléach. Dá bhrí sin, tá Emka Company ag gabháil do agus tá tacaíocht á tabhairt aige do thionscal leata núicléach na hIaráine.	+  (23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an ghnímh seo.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta liostaithe
53.	<p>Isfahan Nuclear Reactor Fuel Company</p> <p>ar a dtugtar freisin Sureh Nuclear Reactors Fuel Company</p> <p>ar a dtugtar freisin Nuclear Fuel Reactor Company; Sookht Atomi Reactorhaye Iran; Soukht Atomi Reactorha-ye Iran</p>	<p>Ceannoifig: 61 Shahid Abtahi St, Karegar e Shomali, Tehran, an Iaráin</p> <p>Coimpléasc: Persian Gulf Boulevard, Km 20 SW Esfahan Road, Esfahan; an Iaráin</p>	<p>Thugtaí Sureh Nuclear Reactors Fuel Company air roimhe seo agus atá faoi réir an Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI), ina bhfuil an Uranium Conversion Facility (an tSaoráid Tiontaithe Úráiniam), Fuel Manufacturing Plant (an Gléasra Monaraíochta Breosla) agus den Zirconium Production Plant (an Gléasra Táirgthe Zirconium).</p> <p>Dá bhrí sin, tá baint ag Isfahan Nuclear Reactor Fuel Company le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.</p>	<p>+</p> <p>(23.5.2011, curtha ar fionraí ó bhí an 16.1.2016 ann)</p>
